ISSN 1831-0648

# Tuarascáil Bhliantúil 2010

## Achoimre Feidhmiúcháin

An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

**Tuarascáil Bhliantúil 2010 — Achoimre Feidhmiúcháin**

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

2011 — 12 lgh. — 21 x 29,7 cm

ISBN 978-92-95073-80-7
doi:10.2804/21968

## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AN AE

**Foilseacháin saor in aisce:**

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- ó ionadaíochtaí nó toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin (http://ec.europa.eu) nó trí facs a chur chuig an uimhir seo: +352 2929-42758.

**Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:**

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

**Sintiúis a bhfuil praghas orthu (sraitheanna bliantúla d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus tuarascálacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:**

- ón ár ngníomhairí díolacháin. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin (http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm).

# Tuarascáil Bhliantúil

# 2010

## Achoimre Feidhmiúcháin



**Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach**

**Uimhir shaorghlao (*):**

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Ní cheadaíonn oibritheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimreacha 00 800 nó d'fhéadfai airgead a ghearradh ar na glaonna seo.

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon (http://europa.eu).

Tá nóta leabhareolach le fáil ag deireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2011

ISBN 978-92-95073-80-7
doi:10.2804/21968

© An tAontas Eorpach, 2011
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil

# RÉAMHRÁ

Is í seo Achoimre Feidhmiúcháin na Tuarascála Bliantúla 2010 de chuid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS). Clúdaíonn an tuarascáil an bhliain 2010 mar an séú bliain ghníomhaíochta ag an MECS mar údarás maoirseachta neamhspleách nua, atá freagrach as a chinntiú go mbíonn meas ag institiúidí agus comhlachtaí an AE ar chearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha, agus ar a bpríobháideacht ach go háirithe, maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Clúdaítear ann freisin an dara bliain de shainordú coiteann cúig bliana de chuid Peter Hustinx, Maoirseoir, agus Giovanni Buttarelli, Maoirseoir Cúnta.

Is ionann príomhghníomhaíochtaí an MECS, mar atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001[1] (an Rialachán), agus:

- monatóireacht a dhéanamh agus a chinntiú go gcloítear le forálacha an Rialacháin nuair a phróiseálann institiúidí agus comhlachtaí an AE sonraí pearsanta (**maoirseacht**);
- comhairle a chur ar institiúidí agus comhlachtaí an AE i ndáil leis na hábhair uile a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil. Áirítear leis seo comhairliúchán ar thograí le haghaidh reachtaíochta mar aon le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí nua a mbíonn tionchar acu ar chosaint sonraí pearsanta (**comhairliúchán**);
- comhoibriú le húdaráis náisiúnta mhaoirseachta agus le comhlachtaí maoirseachta in iar-thríú colún an AE d'fhonn comhsheasmhacht a fheabhsú i ndáil le cosaint sonraí pearsanta (**comhar**).

Bhí an bhliain seo ríthábhachtach arís don cheart bunúsach chun cosanta sonraí. Bhí tionchar infheicthe, atá ag dul i méid, ag Conradh Liospóin, a chinntíonn bonn láidir dlíthiúil le haghaidh cosanta cuimsithí sonraí i ngach réimse de bheartas an AE. Tá cruth á chur ar an bpróiseas athbhreithnithe do chreat dlíthiúil an AE le haghaidh cosanta sonraí agus tá sé ag tarraingt níos mó airde. Léiríonn dhá phríomhchlár beartais, clár Stócólm i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, agus an Clár Oibre Digiteach – bunchlocha na straitéise Eoraip 2020 – gur gné ríthábhachtach de dhlisteanacht agus d'éifeachtacht í cosaint sonraí sa dá réimse.

Leanfaidh an MECS ar aghaidh le bheith bainteach go mór leis na réimsí seo. Ina theannta sin, tá ról an MECS mar údarás maoirseachta neamhspleách slánaithe trína chuid údaráis a fheidhmiú sna príomhréimsí gníomhaíochta uile agus trí chinntiú go bhfuil a eagraíocht go hiomlán leordhóthanach. Tá dul chun cinn suntasach déanta dá bharr seo, i ndéanamh maoirseacht ar institiúidí agus comhlachtaí an AE nuair a dhéanann siad próiseáil ar shonraí pearsanta agus i gcomhairliúchán ar bhearta beartais agus reachtaíochta nua araon, chomh maith le i gcomhoibriú le húdaráis mhaoirseachta eile chun comhsheasmhacht níos fearr a chinntiú i leith cosanta sonraí.

1 Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 de 18 Nollaig 2000 um chosaint daoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus ar shaorghluaiseacht sonraí dá leithéid, IO L 8, 12.1.2001, lch.1.

# TORTHAÍ IN 2010

Tá formhór na bpríomhchuspóirí seo a leanas, arna leagan amach in 2009, bainte amach go hiomlán nó go páirteach.

- Tacú le líonra na n-oifigeach cosanta sonraí

Lean an MECS ar aghaidh ag tacú go láidir le hoifigigh chosanta sonraí (OCS) agus spreagadh malartú saineolais agus dea-chleachtas. Laistigh de chreat a gcuid líonra, rinne na OCSanna forbairt ar pháipéar maidir le 'Caighdeáin Ghairmiúla d'Oifigigh Chosanta Sonraí na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí AE ag obair faoi Rialachán (CE) Uimh. 45/2001'. Sheol an MECS litir chuig ceannasaithe uile na n-institiúidí agus na ngníomhaireachtaí, ag formhuiniú na gcaighdeán agus ag leagadh béime ar thábhacht ról an OCS i gcinntiú géilliúlacht le rialacha cosanta sonraí arna leagan amach sa Rialachán.

- Ról na réamh-sheiceála

Tá réamh-sheiceáil ar oibríochtaí próiseála eiseacha i bhformhór na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí bunaithe beagnach curtha i gcrích ag an MECS, agus tá béim mhéadaitheach leagtha aige ar athleanúint na moltaí. I mbliana, dúnadh 137 cás. Tugadh aird speisialta ar réamh-sheiceáil a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála coiteanna i ngníomhaireachtaí, mar aon le ar dheileáil leis na cásanna seo trí thuairimí comhphháirteacha.

- Treoir chothrománach

D'fhonn cabhrú le comhlíonadh a chinntiú in institiúidí agus comhlachtaí an AE agus nósanna imeachta réamh-sheiceála a athchóiriú chun éifeachta, d'fhoilsigh an MECS treoir maidir le fiosrúcháin riaracháin, imeachtaí araíonachta agus físfhaireachas.

- Beartas cigireachta

In 2010, lean an MECS ar aghaidh ag leanúint cigireachtaí a rinneadh roimhe sin. Ina theannta sin, chuir an MECS cigireacht i gcrích ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin in Ispra. I mí na Nollag 2010, d'fhoilsigh an MECS beartas cuimsitheach maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus forfheidhmiú na rialacha cosanta sonraí in institiúidí agus i gcomhlachtaí.

- Scóip an chomhairliúcháin

Tá an líon is mó riamh de 19 tuairim agus 7 sraith de ráitis fhoirmiúla ar thograí le haghaidh reachtaíochta nua eisithe ag an MECS, ar bhonn fardail chórasaigh d'ábhair agus de thosaíochtaí ábhartha, agus tá sé cinntithe aige go leanfar iad go leordhóthanach. Tugadh aird speisialta ar an bPlean gníomhaíochta maidir le cur chun feidhme Chláir Stócólm.

- Athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil

Ar roinnt ócáidí, d'éiligh an MECS, ag úsáid uirlisí éagsúla, cur chuige uaillmhianach i ndáil le forbairt a dhéanamh ar chreat cuimsitheach, nua-aimseartha le haghaidh cosanta sonraí, ag clúdach gach réimse de bheartas an AE agus ag cinntiú cosanta éifeachtaí i gcleachtas, ar féidir léi cinnteacht dlíthiúil a chinntiú ar feadh mórán blianta. Leagadh dearcthaí an MECS amach i dtuairim a eisíodh in Eanáir 2011.

- Clár Oibre Digiteach

I ndéileáil le comhairliúcháin, dhírigh an MECS ar na príomhdhúshláin a bhaineann le cosaint éifeachtach a thabhairt do shonraí pearsanta. Ciallaíonn sé seo cothromaíocht chuí a chinntiú idir an gá atá le slándáil agus cosaint sonraí, déileáil le forbairtí teicneolaíochta agus díriú ar éifeachtaí na sreafaí sonraí domhanda. Tugadh aird speisialta ar Chlár Oibre Digiteach an Choimisiúin i dtuairim arna glacadh i Márta 2010, ag déanamh forbairt sa bhreis ar phrionsabal na "Príobháideachta trí Dhearadh".

- Gníomhaíochtaí faisnéise

Lean an MECS ar aghaidh ag cur feabhais ar cháilíocht agus éifeachtacht na ngníomhartha cumarsáide agus na n-uirlisí faisnéise. Rinneadh forbairt ollmhór sa réimse seo le tabhairt isteach na Gearmáine mar thríú teanga, i dteannta le Béarla agus Fraincis, i ngníomhaíochtaí preasa agus cumarsáide.

- Eagraíocht inmheánach

Rinneadh atheagrú ar Rúnaíocht an MECS d'fhonn dualgais a shoiléiriú agus forghníomhú níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ar na róil agus taisc éagsúla a chinntiú. Sa struchtúr eagraíochtúil nua, cinntíonn an Stiúrthóir forfheidhmiú na mbeartas agus comhordú cothrománach na ngníomhaíochtaí atá ar bun sna cúig earnáil éagsúil. Tá an Chairt Eagrúcháin nua ar fáil ar an láithreán gréasáin.

- Bainistíocht acmhainne

I rith na bliana 2010, tháinig méadú suntasach ar líon na foirne MECS. In éineacht leis an atheagrú inmheánach, bhí iarrachtaí nua i ndáil le pleanáil, nósanna imeachta inmheánacha agus forfheidhmiú buiséid ag teastáil.

**Roinnt príomhfhigiúirí MECS in 2010**

→ **55 tuairim réamh-sheiceála glactha,** maidir le sonraí sláinte, measúnú foirne, earcaíocht, bainistíocht ama, imscrúduithe slándála, taifead gutháin, uirlisí feidhmíochta den chuid is mó

→ **94 gearán faighte, 25 inghlactha**
Príomhchineálacha sáruithe líomhanta: sárú ar rúndacht sonraí, bailiúchán iomarcach nó úsáid mhídhleathach sonraí ag an rialtóir

- **10 gcás réitithe** inar chinn an MECS nár sáraíodh na rialacha cosanta sonraí
- **11 cás inar fógraíodh neamh-chomhlíonadh** na rialacha cosanta sonraí

→ **35 comhairliúchán ar bhearta riaracháin.** Tugadh comhairle ar réimse leathan gnéithe dlíthiúla a bhain le hinstitiúidí agus comhlachtaí an AE ag próiseáil sonraí pearsanta

→ **1 cigireacht ar an láthair curtha i gcrích**

→ **2 threoirlíne foilsithe** ar fhiosrúcháin riaracháin agus nósanna imeachta araíonachta agus físfhaireachas

→ **19 tuairim reachtach eisithe** ar thionscnaimh a bhaineann le réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, forbairtí teicneolaíochta, comhar idirnáisiúnta agus aistrithe sonraí, cánachas agus custaim

→ **7 sraith de ráitis fhoirmiúla eisithe** ar, i measc ábhar eile, leasú an Rialacháin Frontex, Idirlíon oscailte agus neodracht Idirlín, Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, scanóirí slándála, comhaontuithe idirnáisiúnta malartaithe sonraí

→ **3 Chruinniú eagraithe ar son an Ghrúpa Comhordaithe Maoirseachta ar Eurodac,** a ndearnadh cigireacht chomhordaithe nua a sheoladh mar thoradh orthu, chomh maith le hullmhúcháin le haghaidh iniúchta iomlána slándála

→ **12 oifigeach nua earcaithe**

# MAOIRSEACHT AGUS FORFHEIDHMIÚ

*Ceann de phríomhróil an MECS is ea maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála curtha i gcrích ag institiúidí nó comhlachtaí Eorpacha ar bhealach neamhspleách. Is ionann an creat dlíthiúil agus an Rialachán um Chosaint Sonraí (CE) Uimh. 45/2001, a chuireann roinnt dualgas ar bun dóibh siúd a phróiseálann sonraí, chomh maith le roinnt cearta dóibh siúd ar leo na sonraí pearsanta á bpróiseáil.*

*Ba í príomhghné na maoirseachta go fóill sa bhliain 2010 ná réamh-sheiceáil a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála, ach tá forbairt déanta ag an MECS ar fhoirmeacha eile maoirseachta freisin, cosúil le láimhseáil ghearáin, cigireachtaí, comhairle ar bhearta riaracháin agus treoirlínte téamacha.*

## Réamh-sheiceálacha

Déanann Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 foráil go gcuirfí na hoibríochtaí próiseála uile maidir le sonraí pearsanta, ar dóchúil go gcruthóidís rioscaí sainiúla do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí, faoi réir réamh-sheiceáil an MECS. Cinneann an MECS ansin cibé an gcloíonn nó nach gcloíonn an phróiseáil leis an Rialachán.

In 2010, ghlac an MECS le **55 tuairim réamh-sheiceála** ar ghnáth-nósanna imeachta riaracháin, cosúil le measúnú foirne, earcú agus arduithe céime, ach ar ghníomhaíochtaí lárnacha gnó freisin cosúil leis an gCóras Freagartha Réamhrabhaidh le haghaidh malartaithe faisnéise ar ghalair theagmhálacha. Tá na tuairimí seo foilsithe ar láithreán gréasáin an MECS agus leantar a gcur chun feidhme ar bhonn córasaí.

## Monatóireacht an chomhlíonta

Déantar **monatóireacht córasach** freisin ar **chur chun feidhme an Rialacháin** ag institiúidí agus comhlachtaí trí bhreithniú rialta a dhéanamh ar tháscairí feidhmíochta, lena n-áirítear institiúidí agus comhlachtaí uile an AE.

I ndiaidh an chleachtaidh ghinearálta mhonatóireachta a seoladh in earrach na bliana 2009, lean an MECS ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chur chun feidhme na rialacha agus na bprionsabal cosanta sonraí ag na hinstitiúidí agus comhlachtaí ábhartha. Cuirfear tús leis an gcéad chleachtadh ginearálta monatóireachta eile (Earrach 2011) go luath sa bhliain 2011.

Cuireadh cleachtaí monatóireachta sonraithe i gcrích freisin inar éirigh an MECS, mar thoradh ar a chuid gníomhaíochtaí maoirseachta, imníoch faoi leibhéal comhlíonta de chuid institiúidí nó comhlachtaí sainiúla. Bhí roinnt acu seo bunaithe ar chomhfhreagras, agus bhí roinnt eile acu i bhfoirm cuairte ar an gcomhlacht ábhartha. In 2010, rinne an MECS dhá chuairt dá leithéid. Chuir an MECS cigireacht ar an láthair i gcrích freisin in Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin in Ispra d'fhonn comhlíonadh maidir le saincheisteanna ar leith a dheimhniú.

## Gearáin

Ceann de phríomhdhualgais an MECS, mar atá curtha ar bun ag an Rialachán um Chosaint Sonraí, ná éisteacht le gearáin agus iad a imscrúdú, mar aon le fiosrúcháin a chur i gcrích ar a thionscnamh féin nó ar bhonn gearáin.

In 2010, cuireadh **94 gearán** faoi bhráid an MECS; agus fuarthas go raibh **25** cinn acu seo **inghlactha**. Bhain mórán de na gearáin inghlactha le saincheisteanna ar leibhéal náisiúnta agus níl an MECS inniúil ina leith seo.

Bhain formhór de na saincheisteanna sna gearáin inghlactha le sáruithe líomhanta maidir le rochtain agus coigeartú, mí-úsáid, bailiúchán iomarcach agus scrios sonraí. I **11 cás,** bhain an MECS de thátal as go raibh **sárú déanta** ar **rialacha cosanta sonraí.**

As na gearáin inghlactha a cuireadh faoi bhráid in 2010, bhí formhór acu (80%) dírithe ar an **gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear OLAF agus EPSO**. Bhíothas ag súil leis seo de bharr go gcuireann an Coimisiún próiseáil sonraí pearsanta i gcrích níos mó ná institiúidí agus comhlachtaí eile an AE. D'fhéadfadh nádúr na ngníomhaíochtaí á gcur i gcrích ag OLAF agus EPSO líon réasúnta ard na ngearán i leith na gcomhlachtaí sin a mhíniú.

## Comhairliúchán ar bhearta riaracháin

Rinneadh breis oibre freisin i gcomhairliúchán ar bhearta riaracháin atá beartaithe ag institiúidí agus comhlachtaí an AE maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Tarraingíodh éagsúlacht de shaincheisteanna anuas, lena n-áirítear aistrithe idirnáisiúnta sonraí, rochtain ar aitheantas faisnéiseora, úsáid inmheánach rphost agus r-mhonatóireachta,

## Treoir chothrománach

Chomh maith leis sin ghlac an MECS le **treoirlínte** ar fhiosrúcháin riaracháin, nósanna imeachta araíonachta agus físfhaireachas.

## Beartas an chomhlíonta agus an fhorfheidhmithe

I mí na Nollag 2010, ghlac an MECS le páipéar beartais dar teideal 'Monatóireacht agus Cinntiú an Chomhlíonta le Rialachán (CE) 45/2001'. Leagann an páipéar amach an creat ina ndéanann an MECS monatóireacht, tomhas agus cinntiú ar chomhlíonadh cosanta sonraí i riarachán an AE. Míníonn sé nádúr na **gcumhachtaí forfheidhmithe** éagsúla atá ar fáil don MECS agus tugann sé breac-chuntas ar na tiománaithe agus na truicir le haghaidh aon ghnímh fhoirmiúil lena bhféadfaí glacadh.

# COMHAIRLIÚCHÁN

*Cuireann an MECS comhairle ar institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh maidir le saincheisteanna i ndáil le cosaint sonraí i raon réimsí beartais. Baineann an ról comhairliúcháin seo le tograí le haghaidh reachtaíochta nua chomh maith le tionscnaimh eile a d'fhéadfadh cur isteach ar chosaint sonraí pearsanta san AE. Bíonn sé i bhfoirm tuairim fhoirmiúil de ghnáth, ach d'fhéadfadh an MECS treoir a sholáthar freisin i bhfoirm ráiteas nó páipéar beartais. Mar chuid den ghníomhaíocht seo déantar monatóireacht freisin ar fhorbairtí teicneolaíochta a mbíonn tionchar acu ar chosaint sonraí.*

## Mórthreochtaí

In 2010, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach i dtreo **creata dlíthiúla nua-aimseartha, nua le haghaidh cosanta sonraí san Eoraip**. Rinneadh an comhairliúchán poiblí a seoladh in 2009 a chur i gcrích agus a fhorlíonadh le breis comhairliúchán sonraithe le roinnt príomhpháirtí leasmhar. I mí na Samhna 2010, d'eisigh an Coimisiún a Chumarsáid ag leagan amach cur chuige cuimsithigh ar chosaint sonraí pearsanta san Aontas Eorpach, ag sainaithint na bpríomhthosaíochtaí agus na bpríomhchuspóirí le haghaidh an athbhreithnithe ar na rialacha reatha.

Thug an MECS aird speisialta ar an bpróiseas athbhreithnithe le linn na bliana 2010 agus chuir sé a chuid tuairimí in iúl i réimse slite. Go háirithe, reáchtáil an MECS preasagallamh *ad hoc* láithreach i ndiaidh foilseachán na Cumarsáide chun a chuid tuairimí ar an gcreat dlíthiúil nua a chur in iúl go poiblí. Ar an ócáid seo, leag an MECS béim ar thábhacht an athbhreithnithe, a mheas sé a bhí thar a bheith tráthúil agus léirigh sé a bharúlacha ar phríomhphointí an chreata nua.

In 2010, rinne an Coimisiún iarrachtaí suntasacha **Clár Stócólm** – Eoraip oscailte agus slán ar son fhónamh agus chosaint na saoránach, arna ghlacadh ag an gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2009 a chur i bhfeidhm freisin. Tugann an Clár sainmhíniú ar threoirlínte straitéiseacha le haghaidh pleanála reachtaíochta agus oibriúcháin i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais agus díríonn sé ar leasanna agus riachtanais na saoránach.

Ba fhorbairt shuntasach í freisin foilsiú Chumarsáid an Choimisiúin ar **Chlár Oibre Digiteach don Eoraip** in 2010, agus é mar chuspóir tosaíochtaí an AE a leagan amach i réimse an Idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha. Is tiománaithe iad mórán de na tionscnaimh theicneolaíochta faisnéise seo le haghaidh fáis chliste faoin Straitéis Eoraip 2020. Baineann tábhacht ar leith leo seo agus le tionscnaimh eile bainteach le forbairtí teicneolaíochta le haghaidh cosanta sonraí agus rinne an MECS monatóireacht dhlúth orthu.

## Príomh-shaincheisteanna agus tuairimí MECS

Lean an MECS leis ag cur a **bheartas comhairliúcháin** ghinearálta chun feidhme agus eisíodh an líon is mó riamh de **19 tuairim reachtach** ar ábhair éagsúla. Déanann an beartas seo foráil i leith cur chuige réamhghníomhaigh freisin, lena n–áirítear fardal rialta de thograí reachtacha le cur faoi bhráid le haghaidh comhairliúcháin, agus infhaighteacht le haghaidh

ráiteas foirmiúil sna céimeanna ullmhúcháin de thograí reachtacha. Lean díospóireachtaí leis an bParlaimint formhór na dtuairimí MECS.

I **réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais**, lean an MECS roinnt tionscnamh a bhain go díreach le cur chun feidhme an **Chláir Stócólm** go dlúth. I measc go leor eile, dheileáil an MECS le saincheisteanna ríthábhachtacha maidir le cosaint sonraí a bhaineann le straitéis Slándála Inmheánaí an AE, bainistíocht faisnéise, Beartas Frithsceimhlitheoireachta an AE, Frontex agus Rialacháin Eurodac. Ar an iomlán, bhí na forbairtí a bhaineann le Clár Stócólm mar chuid ceannasach de chlár oibre an MECS agus is amhlaidh a bheidh an scéal sna blianta atá le teacht.

Ba réimse í an **idirphlé idir phríobháideacht agus fhorbairtí teicneolaíochta** ina ndearna an MECS idirghabháil suntasach freisin. I Márta 2010, ghlac an MEPS le tuairim ar 'Chur chun cinn na muiníne sa tsochaí faisnéise trí chosaint sonraí agus príobháideacht a chothú' mar ionchur i gClár Oibre Digiteach an AE. Rinne sé idirghabháil ar éagsúlacht bealaí freisin i dtionscnaimh a bhaineann leis an Idirlíon agus le neodracht Idirlín, an t-athbhreithniú ar an Treoir Coinneála Sonraí, an Treoir r-Drамhaíola, Rialachán an ENISA agus ríomhsheirbhísí ceartais.

Chuathas i gcomhairle leis an MECS ar thionscnaimh éagsúla i réimse an **chomhair idirnáisiúnta ar shlándáil agus fhorfheidhmiú dlí**, cosúil leis an gcomhaontú idirnáisiúnta idir an AE agus SAM ar chosaint sonraí pearsanta agus roinnt faisnéise chun críocha forfheidhmithe dlí agus an comhaontú ar mhalartú sonraí pearsanta chun críocha an Chláir um Sceimhlitheoirí agus a Maoiniú a Rianú (TFTP II). Rinne sé idirghabháil freisin i ndáil leis an gComhaontú Trádála Frith-Ghóchumtha (ACTA) agus le comhaontuithe maidir le malartú Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNRanna).

Rinne an MECS idirghabháil i réimsí eile, cosúil le **cánachas agus custaim** (lena n-áirítear comhar riaracháin i réimse an chánachais agus an chomhair chustaim idirnáisiúnta), malartuithe sonraí mórscála á gcur i ngnímh i gcomhthéacs **Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh**, úsáid **scanóirí slándála** ag aerfoirt agus cásanna cúirte éagsúla faoin gcaidreamh idir **rochtain phoiblí agus cosaint sonraí**.

# COMHAR

*Oibríonn an MECS i gcomhar le húdaráis chosanta sonraí eile d'fhonn cosaint sonraí chomhsheasmhach a chur chun cinn ar fud na hEorpa. Síneann an ról comhoibríoch seo freisin chuig comhar le comhlachtaí maoirseachta a bunaíodh faoi "iar-thríú colún" an AE agus i gcomhthéacs córas TF mórscála.*

Is ionann an príomhardán le haghaidh comhair idir údaráis chosanta sonraí san Eoraip agus an **Meitheal Oibre um Chosaint Sonraí Airteagail 29**. Glacann an MECS páirt i ngníomhaíochtaí na Meithle Oibre, ag a bhfuil ról tábhachtach i gcur chun feidhme aonfhoirmeach na Treorach um Chosaint Sonraí. Tá comhoibriú éifeachtach déanta ag an MECS le Meitheal Oibre Airteagail 29 ar réimse ábhar, go háirithe ar chur chun feidhme na Treorach um Chosaint Sonraí agus ar léirléamh roinnt dá príomhfhorálacha. Tá rannchuidiú gníomhach déanta ag an MECS i roinnt réimsí, cosúil leis na tuairimí ar choincheapa an 'rialaitheora' agus an 'phróiseálaithe', ar phrionsabal an chuntasachta agus ar an dlí is infheidhme.

Ghlac an MECS páirt freisin i gcruinnithe agus i ngníomhaíochtaí na **Meithle Oibre ar Phóilíneacht agus Ceartas**, grúpa comhairleach a dhéileálann le saincheisteanna an iar-thríú cholún.

Baineann ceann de na taisc chomhair is tábhachtaí de chuid an MECS le **Eurodac,** áit a roinntear na freagrachtaí maoirseachta le húdaráis náisiúnta um chosaint sonraí. In 2010, chuir an Grúpa Comhordaithe Maoirseachta ar Eurodac tús le hullmhú na cigireachta iomlána slándála atá le cur i gcrích ag na húdaráis chosanta sonraí, ar leibhéal náisiúnta agus lárnach (AE) araon. Seoladh cigireacht chomhordaithe nua ag deireadh na bliana 2010, agus tá súil le torthaí na cigireachta sin in 2011.

Maidir le maoirseacht an **Chórais Faisnéise Custaim (CIS)**, ghlac Grúpa Comhordaithe Maoirseachta an CIS leis na Rialacha Nós Imeachta a dhéanfaidh rialú ar a chuid oibre amach anseo agus rinne sé plé ar ghníomhartha lena bhféadfaí glacadh i gcaitheamh na mblianta 2011-2012 chun maoirseacht chuimsitheach chosanta sonraí ar an gCóras a chinntiú.

Lean an MECS ag comhoibriú go dlúth leis na húdaráis arna mbunú chun **maoirseacht chomhpháirteach a dhéanamh ar chórais TF mhórscála an AE**.

Lean comhar i **bhfóraim idirnáisiúnta eile** ag tarraint airde, go háirithe na Comhdhálacha Eorpacha agus Idirnáisiúnta Coimisinéirí um Chosaint Sonraí agus Príobháideacht a tionóladh i bPrág agus i Iarúsailéim, faoi seach.

I gcomhar leis an Ollscoil Eorpach i bhFlórans, d'eagraigh an MECS ceardlann freisin ar '**Chosaint Sonraí in eagraíochtaí Idirnáisiúnta'**. Dhírigh an ceardlann ar *na dúshláin éagsúla os comhair eagraíochtaí idirnáisiúnta atá ag iarraidh leibhéal maith cosanta sonraí a chinntiú i gcomhthéacsanna a bhíonn deacair uaireanta agus gan bonn dlíthiúil soiléir.*

# PRÍOMHCHUSPÓIRÍ LE HAGHAIDH 2011

Táthar tar éis na cuspóirí seo a leanas a roghnú le haghaidh 2011.

## Maoirseacht agus Forfheidhmiú

- Múscailt feasachta

Leanfaidh an MECS ar aghaidh ag caitheamh ama agus úsáid acmhainní chun comhairle agus treoir a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le cosaint sonraí. Beidh an mhúscailt feasachta seo i bhfoirm páipéar treorach ar théamaí roghnaithe agus ceardlanna nó seimineáir idirghníomhacha ina gcuirfidh an MECS a sheasamh in iúl maidir le réimse ar leith.

- Ról na réamh-sheiceála

I bhfianaise go bhfuil an riaráiste de réamhsheiceálacha *ex-post* beagnach glanta, díreoidh an MECS ar anailís a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bhaineann le hoibríochtaí próiseála nua. Leanfaidh an MECS ar aghaidh ag leagan béime níos láidre ar chur chun feidhme na moltaí sna tuairimí réamh-sheiceála agus cinnteoidh sé go leanfar iad go leordhóthanach.

- Cleachtaí monatóireachta agus tuairiscithe

Leanfaidh an MECS ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chur chun feidhme na rialacha cosanta sonraí ag institiúidí agus comhlachtaí an AE, trí chleachtadh ginearálta monatóireachta (Earrach 2011) agus cleachtaí monatóireachta sonraithe a sheoladh áit inar cúis imní é leibhéal an chomhlíonta in institiúidí agus comhlachtaí sainiúla.

- Cigireachtaí

Seolfar cigireachtaí ar an láthair sna cásanna sin ina bhfuil forais dáiríre ag an MECS a mheas go bhfuil an mheicníocht chomhlíonta á blocáil. Breathnófar orthu seo mar an chéim dheireanach sula dtugfar faoi ghníomh forfheidhmithe foirmiúil. Seolfar cigireachtaí agus iniúchtaí freisin i réimse na gcóras TF mórscála a thagann faoi shainchúram an MECS.

## Beartas agus Comhairliúchán

- Scóip an chomhairliúcháin

Leanfaidh an MECS ar aghaidh ag eisiúint ráiteas nó tuairimí tráthúla ar thograí i ndáil le reachtaíocht nua agus cinnteofar go leanfar iad go leordhóthanach, sna réimsí ábhartha uile. Tabharfar aird speisialta ar athbhreithniú an chreata dlíthiúla AE le haghaidh cosanta sonraí, ar chur chun feidhme an Chláir Stócólm agus ar thionscnaimh i réimse na teicneolaíochta.

- Athbhreithniú ar chreat dlíthiúil an AE le haghaidh cosanta sonraí

Cuirfidh an MECS forbairt an chreata dlíthiúla cuimsithí don AE le haghaidh cosanta sonraí in ord tosaíochta. Eiseoidh sé tuairim reachtach ar Chumarsáid an Choimisiúin maidir le cur chuige cuimsitheach i leith cosanta sonraí pearsanta, mar aon le ar aon tograí reachtacha eile agus cuirfidh sé leis an díospóireacht nuair is gá agus is cuí.

- Cur chun feidhme an Chláir Stócólm

Leanfaidh an MECS ar aghaidh ag tabhairt aird speisialta ar thionscnaimh éagsúla a bhaineann le breis cur chun feidhme an Chláir Stócólm i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, cosúil le córas iontrála-imeachta agus Clár na dTaistealaithe Cláraithe a chur ar bun, mar aon leis an Treoir ionchais maidir le húsáid taifead ainmneacha paisinéirí chun críocha forfheidhmithe dlí agus tabhairt isteach Clár Eorpach um Sceimhlitheoirí agus a Maoiniú a Rianú.

- Tionscnaimh i réimse na teicneolaíochta

Déanfaidh an MECS machnamh dlúth freisin ar thionscnaimh i réimse na teicneolaíochta ar dóchúil go mbeidh tionchar acu ar phríobháideacht agus ar chosaint sonraí. Go háirithe leanfaidh an MECS ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chur chun feidhme na gcomhpháirteanna teicneolaíochta faisnéise de chuid Eoraip 2020 atá tuartha faoin gClár Oibre Digiteach, cosúil le RFID, néalríomhaireacht, rRialtas agus cur chun feidhme ar líne de chearta maoine intleachtúla.

- Tionscnaimh eile

Díreoidh an MECS ar na tionscnaimh eile go léir a d'fhéadfadh cur isteach go mór ar chosaint sonraí, mar shampla i réimse an **iompair** (m.sh. úsáid á bhaint as scanóirí coirp ag aerfoirt, pacáiste r-Ghluaiseachta) agus malartuithe sonraí mórscála a d'fhéadfadh tarlú í **gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh**.

- Comhar le húdaráis chosanta sonraí

Leanfaidh an MECS ar aghaidh ag cur go gníomhach le gníomhaíochtaí agus rath na Meithle Oibre um Chosaint Sonraí Airteagail 29, ag díriú a chláir oibre i dtreo tosaíochtaí an MECS, ag cinntiú comhsheasmhachta agus sineirgí idir an Mheitheal Oibre agus sheasaimh an MECS agus ag cothabháil caidreamh cuiditheach le húdaráis náisiúnta um chosaint sonraí. Mar rapóirtéir le haghaidh comhad sainiúil, déanfaidh an MECS treorú agus ullmhú le haghaidh glacadh tuairimí na Meithle Oibre.

- Maoirseacht chomhordaithe

Tá maoirseacht chomhordaithe riachtanach de réir dlí an AE le haghaidh Eurodac, an Chórais Faisnéise Custaim agus – ó lár na bliana 2011 – an Chórais Faisnéise Víosaí. Beidh sé mar chuspóir tábhachtach ag an MECS rúnaíocht éifeachtach a sholáthar do na húdaráis chosanta sonraí atá bainteach le maoirseacht chomhordaithe. Mar chomhordaitheoir do chórais TF mhórscála, glacfaidh an MECS páirt ghníomhach ina gcuid maoirseachta comhordaithe freisin agus cuirfidh sé iniúchtaí slándála rialta i gcrích.

## Réimsí eile

- Faisnéis agus cumarsáid

Déanfaidh an MECS ullmhúchán le haghaidh athbhreithnithe ar a Straitéis Chumarsáide, go háirithe trí comhairliúchán leis na príomhpháirtithe leasaithe. Déanfar forlíonadh ar an gcleachtadh ginearálta seo le measúnuithe níos sonraithe ar thionchar na faisnéise agus na n-uirlisí cumarsáide príomha.

- Eagraíocht inmheánach

Is iad príomhchuspóirí na bliana 2011 ná cur i gcrích an atheagraithe inmheánaigh, iarrachtaí athnuaite maidir le bainistíocht feidhmíochta laistigh de chomhthéacs athbhreithnithe straitéisigh agus forbairt agus cur chun feidhme uirlisí TF nua. Tabharfar aird ar leith freisin ar rialú agus nósanna imeachta inmheánacha, leithdháileadh níos fearr ar acmhainní agus forfheidhmiú buiséid feabhsaithe.

- Bainistíocht acmhainne

Leanfaidh an MECS ar aghaidh ag infheistiú acmhainní i bhforbairt agus i bhforfheidhmiú córais bhainistíochta cáis. Tabharfar tosaíocht freisin do chur i gcrích na gComhaontuithe Leibhéal Seirbhíse leis an gCoimisiún Eorpach le haghaidh úsáid feidhmchlár TF sa réimse acmhainní daonna (m.sh. Foirmiú Syslog, Sysper agus Córais um Próiseáil Mhisin).

QT-AB-11-001-GA-N

AN MAOIRSEOIR EORPACH
AR CHOSAINT SONRAÍ

***MECS – An caomhnóir Eorpach um chosaint sonraí pearsanta***

**www.edps.europa.eu**

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-95073-80-7

9 789295 073807